EAGRÁN AN EARRAIGH 2021

# CULTÚR - DÚN NA NGALL

Nuachtlitir Idirghníomhach

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

## Plean Comhoibríoch Forbartha Lucht Féachana don Iarthhuaisceart

Tháinig rannóga cultúir Chomhairle Chontae Dhún na nGall (CCDG) agus Comhairle Chathair Dhoire and Cheantar an tSratha Báin (CCDCSB) le chéile chun suirbhé agus clár bunlíne um fhorbairt lucht féachana a choimisiniú ar fud an Iarthuaiscirt chun rannpháirtíocht na saoránach i réimse na n-Ealaíon, an Chultúir agus na hOidhreachta a thuigbheáil agus a mhéadú. Bhí 2 chuid ar leith sa tionscadal: (a) na sonraí agus an taighde a bhailiú agus a anailísiú agus (b) an clár forbartha lucht féachana a chomhdhearadh ar dhóigh a rachaidh i ngleic leis na bearnaí rannpháirtíochta.

**Sonraí agus Taighde**


Modhanna:

**1. *Suirbhé aghaidh ar aghaidh le Cónaitheoirí***
Rinneadh suirbhé aghaidh ar aghaidh ar 2,400 cónaitheoir ar fud limistéar CCDG agus CCDCSB sa bhliain 2019. Ghlac an suirbhé an méid seo a leanas san áireamh, ó thaobh rannpháirtíochta i gcultúr, in ealaíona agus in oidhreacht de:

- Cé atá, agus cé nach bhfuil, ag freastal nó ag glacadh páirte ann
- An áit a bhfuil na croí-mhargaí reatha suite
- Dearcadh ar thábhacht na n-ealaíon, an chultúir agus na hoidhreachta

**2. *Próifíliú Mósáice***
Tríd an chlár deighilte seo, a chruthaigh Experian, bhí muid in ann anailís a dhéanamh ar na cineálacha daoine atá ina gcónaí i gceantar an Iarthuaiscirt.

**3. *Anailís ar na sonraí atá ann cheana féin maidir le hiompar lucht féachana.***
Na sonraí a bhí ag go leor eagraíochtaí ealaíon, cultúir agus oidhreachta cheana féin, chuidigh sin linn leathnú a dhéanamh ar an mhéid eolais a bhí ar fáil dúinn i dtús báire.



## SPLÉACHADH AR A BHFUIL ISTIGH:


| | |
|---|---|
| Cartlanna | L3 |
| Ealaíona | L3 |
| Oidhreacht | L4 |
| Leabharlanna | L4 |
| Músaem | L5 |
| RCC | L5 |



**Torthaí**

Chuaigh 98% de chónaitheoirí an Iarthuaiscirt i mbun ealaíon, cultúir nó oidhreachta le bliain anuas, agus thrasnaigh 26% de chónaitheoirí an iarthuaiscirt an teorainn chun dul i mbun cultúir.

Mar sin féin, maidir le daoine 65 bliana d'aois agus níos sine, d'fhreastail siad ar, agus ghlac siad páirt i níos lú ná an meán; bhí rochtain ina dheacracht; agus de réir phróifíl an Iarthuaiscirt, d'fhéadfaí díriú ar theaghlaigh chun níos mó rannpháirtíochta a chur chun cinn.

Tá muid ag obair ar phlean faoi láthair le CCDCSB agus le réimse comhpháirtithe cultúrtha eile ag díriú ar an leibhéal freastail agus rannpháirtíochta a mhéadú i measc teaghlaigh agus daoine scothaosta ar fud an Iarthuaiscirt. Tá rochtaineacht go mór i gceist againn fosta, agus na heilimintí atá liostaithe thíos san áireamh.

*Teaghlaigh*


- Ardán ar líne chun imeachtaí agus gníomhaíochtaí cultúrtha a chur chun cinn i Réigiún an Iarthuaiscirt.
- Clár teaghlaigh i rith mhíonna an tsamhraidh.
- Scéim Creidiúnaithe– a bheidh ar fáil ar líne agus as line.
- Ionaid spraíúla
- Painéal teaghlaigh



*Daoine Breacaosta*

- Painéal Daoine Breacaosta atá sainiúil ó thaobh cultúir
- Oibriú le hOifigigh Aoisbhá
- Iniúchtaí Inrochtaineachta
- Cuir le Féile na Bealtaine agus féilte eile
- Compánaigh chúltúrtha






**Bealtaine 2021**

Beidh Féile na Bealtaine 2021 ar siúl i rith mhí na Bealtaine. I measc an chláir a bheidh ar siúl beidh imeachtaí folláine, cócaireacht ar líne, agus ceolchoirm ilsiamsa a bheidh á heagrú ag an Ionad Cultúrtha Réigiúnach. Amharc ar ár láithreáin ghréasáin agus ar na meáin shóisialta le haghaidh tuilleadh eolais faoin chlár atá le teacht.

# CARTLANNA





Ar Chlé: *Cartlanna na Comhairle Dúiche Tuaithe.*
*Grianghraf: Paul McGuckin*

Tá an tSeirbhís Cartlainne i ndiaidh níos mó dá cartlanna Deich mBliana na gCuimhneachán a uaslódáil ar a suíomh gréasáin agus tá seo ar fáil anois le feiceáil saor in aisce. Tá fáil anois ar imleabhar Choimisinéir Baile Bhéal Átha Seanaidh ina bhfuil miontuairiscí cruinnithe idir na blianta 1896 agus 1923. Bhí deich gComhairle Dúiche Tuaithe i gContae Dhún na nGall ó 1899 go 1925. Uaslódáladh miontuairiscí cruinnithe ó Bhéal Átha Seanaidh, Dún Fionnachaidh, Dún na nGall, Inis Eoghain, Na Gleanntaí, Leitir Ceanainn, Baile na nGallóglach, An Srath Bán Uimhir. 2 (Leifear i ndáiríre) agus Doire Uimhir. 2 (codanna de dheisceart Inis Eoghain), ag dul ó thart ar 1915 go 1918 . Dhéanfar na blianta ó 1918 - 1925 a uaslódáil níos moille i mbliana. Tá miontuairiscí de chruinnithe na mBord Caomhnóirí (a reáchtáil Tithe na mBocht i nDún na nGall) 1916 ar fáil fosta. Féach na cartlanna seo go léir anseo.

Tá suim ar leith ag na staraithe áitiúla agus teaghlaigh chomh maith le mic léinn agus lucht acadúil sna taifid áitiúla seo ó thús an 20ú haois. Insíonn taifid an Údaráis Áitiúil na scéalta faoi shaol na ngnáthdhaoine in amanna neamhghnácha, ina measc seo bhí foireann na Comhairle Contae agus comhairleoirí, tionóntaí, ceardaithe, íocóirí rátaí agus cónaitheoirí i dtithe na mbocht. Tugann siad léargas maith dúinn ar na hathruithe tobanna a bhí ag tarlú le linn na ndeich mbliana ríthábhachtach seo, ó fhorbairtí talmhaíochta, feabhsúcháin infreastruchtúir ar bhóithre, ar thithíocht agus ar scoileanna, bainistíocht sláinte poiblí, dúnadh thithe na mbocht, agus tuairimí polaitiúla áitiúla agus gníomhaíochtaí míleata.

archivist@donegalcoco.ie    donegalcoco.ie/culture/archives

# EALAÍONA



**Clár Ceoil do Thithe Cúraim**

Mar chuid den fheachtas 'Cosain do Shláinte' i nDún na nGall, tairgeoidh an tSeirbhís Ealaíon agus an Clár Aoisbhá Dhún na nGall sraith seónna ceoil, amhránaíochta agus damhsa do dhaoine atá ina gcónaí i dtithe cúraim cónaithe an chontae i mí an Mhárta, mí Aibreáin agus mí na Bealtaine. Tá painéal de cheoltóirí, amhránaithe agus siamsóirí a bhfuil taithí acu curtha le chéile chun an tsraith a sheachadadh, ina mbeidh suas le fiche seó ag tarlú i dtrí cinn déag de thithe cúraim cónaithe fadtéarmacha ar fud na gcúig Cheantar Bardasach.

Leanann an tionscadal ar aghaidh leis an teagmháil a rinne Comhairle Contae Dhún na nGall, tríd an Rannán Cultúir agus an Clár Aoisbhá, le daoine scothaosta ó cuireadh tús leis na srianta reatha sláinte poiblí COVID-19 atá i bhfeidhm ag an Rialtas.

I gcomhairliúcháin leis na tithe cúraim, léirigh go leor de na cónaitheoirí spéis faoi leith maidir le ceol traidisiúnta agus ceol tíre, mar sin dhéanfaidh an tsraith seo freastal ar an riachtanas sin, chomh maith le freastal ar chineálacha eile ceoil agus siamsaíochta. Beidh na seónna do na tithe cúraim ar na caighdeáin is airde agus cuirfear ar fáil iad i stíl neamhfhoirmiúil, ar dhóigh chun an rannpháirtíocht is mó idir taibheoirí agus lucht féachana a éascú.

Thig na léirithe a chur ar siúl taobh istigh nó taobh amuigh, de réir na srianta COVID-19 a bheidh i bhfeidhm ag an Rialtas ag an am.

traolach@donegalcoco.ie    donegalcoco.ie/culture/arts%20office/

Chambers Ireland
Local Government AWARDS 2020
WINNER

# OIDHREACHT

**Ag Teacht san Earrach!**

Seiceáil suíomh gréasáin Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall le haghaidh na bhfoilseachán úr seo a leanas atá le teacht:

- Leabhrán 'Fiadhúlra i bhFoirgnimh'
- Rudaí le Déanamh 'Spring into Heritage'
- Leabhar Dathúcháin 'Bithéagsúlacht i do Ghairdín'
- Tá cóipeanna den Leabhrán 'Garraíodóireacht don Bhithéagsúlacht' a bhfuil an-tóir air ar fáil go fóill.

**Scéim Deontais Deisiúcháin Tuí**

Osclófar Scéim rathúil Deontais Deisiúcháin Tuí Chomhairle Contae Dhún na nGall d'iarratais i lár mhí an Mhárta. Cuirtear comhairle ar fáil d'úineirí leis an Scéim Deontais Deisiúcháin Tuí chun díonta ceann tuí a chaomhnú agus tugtar maoiniú le haghaidh deisiúchán tuí ar scála beag. De ghnáth bíonn na deontais idir € 200 agus € 3,000. Is é Dé Luain, 12 Aibreán an dáta deiridh chun iarratais a bheith faighte againn, agus tá tuilleadh eolais ar fáil anseo.

**An tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta**

Beidh an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta ar siúl ón Satharn, 14 Lúnasa go dtí Dé Domhnaigh, 22 Lúnasa. Is é téama na bliana seo ná 'Oidhreacht do Chách / Oidhreacht Chuimsitheach'. Más mian leat páirt a ghlacadh sa tSeachtain Oidhreachta, tá tuilleadh eolas ar fáil ag www.heritageweek.ie

**Bí Páirteach!**


Tá tacaíocht ar fáil do do thionscnamh oidhreachta pobalbhunaithe. Osclófar Scéim Deontais Oidhreachta Pobail na Comhairle Oidhreachta, Ciste Séadchomharthaí Pobail na Seirbhíse Séadchomharthaí Náisiúnta agus Scéim Deontais Cultúir agus Cruthaitheachta Dhún na nGall d'iarratais i mí an Mhárta. Beidh tuilleadh eolais ar fáil anseo.

heritage@donegalcoco.ie 074 9172576 donegalcoco.ie/culture/heritage/

# LEABHARLANNA

**Tadhallchlóscríobh Léigh & Litrigh (TTRS)**

Tá áthas orainn seirbhís nua ar líne a fhógairt darb ainm Tadhallchlóscríobh Léigh & Litrigh (TTRS). Is clár iontach litearthachta é TTRS a chuidigh le go leor páistí agus daoine fásta feabhas a chur ar a gcuid scileanna léitheoireachta, litrithe agus clóscríbhneoireachta. Le haghaidh tuilleadh eolais cuir r-phost chuig ttrs@donegalcoco.ie




Ar Chlé:: *Míreanna a roghnú i Leabharlann Phobail Bhun Cranncha le haghaidh Seirbhís Leabharlainne chun Tí Grianghraf: Foireann Leabharlainne*

**Feachtas 'Fás chun tosaigh é'**

Coinnigh súil amach don fheachtas nua 'Fás chun tosaigh é' a lainseálfar ar 20 Márta. Beidh pacáistí síolta le treoracha saor in aisce ar fáil do bhaill na leabharlainne. Faigh an t-eolas is deireanaí, féach ar ár suíomh gréasáin.

**Éire Shláintiúil ag do Leabharlann**

Tabharfaidh an Dr Mary O'Kane dhá chur i láthair ar line saor in aisce Dé Sathairn 20 agus 27 Márta. Is léachtóir i Síceolaíocht agus Oideachas Luath-Óige í an Dr O'Kane. Roinneann sí a cuid saineolais ar bhealach atá furasta a thuigbheáil. Coinnigh súil ar ár suíomh gréasáin le haghaidh tuilleadh eolais.

**Seirbhís Leabhlainne chun Tí**


B'fhéidir go bhfuil ár ndoirse dúnta ach táimid anois ag seachadadh leabhar go díreach chuig do dhoras! Cliceáil anseo le haghaidh tuilleadh eolais.

**Léim Isteach san Am Sceálaíochta**

Tabhair draíocht am scéalaíochta isteach i do theach sa bhaile lenár seisiúin scéalaíochta ar líne i mí Aibreáin seo chugainn. Beidh tuilleadh eolais faoinár gclár 'Léim Isteach san Am Sceálaíochta' ar fáil ar ár suíomh gréasáin go luath!

admin@donegallibrary.ie 074 9153900 donegallibrary.ie

# MÚSAEM




*Stadán ón fhíseán ghairid – "Rose Anne Logue – On a Lonely Road"*
*Le cead ó: 'Oath Film Studio'*

## "Guthanna na mBan ón am atá thart - Tréimhsí Réabhlóideacha"

Tá sraith de shé fhíseán ghairide curtha le chéile ag Músaem Contae Dhún na nGall, an tIonad Cultúrtha Réigiúnach agus Seirbhís Músaem agus Oidhreachta Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin a leagann béim ar shaol na mban le linn na Tréimhse Réabhlóidí (1919-1923). Is é 'Dark Daughter Productions' a léirigh na físeáin, agus is é 'Oath Film Studio' a rinne an fhísghrianghrafadóireacht.

- Chun féachaint ar scannáin Dhún na nGall, cliceáil anseo.
- Chun féachaint ar scannáin Dhoire, cliceáil anseo.

Tá tacaíocht faighte do na fiseáin seo ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoi thionscnamh Dheich mBliana na gCuimhneacháin 2012-2023.

## Taispeántas "Ó Choimhlint go Deighilt - Dún na nGall 1919 -1925"

Tá Músaem an Chontae ag forbairt taispeántais ar an saol i nDún na nGall idir 1919 agus 1925. Má tá déantúsán nó grianghraf ar bith agat a bhaineann leis an tréimhse seo a d'fhéadfaí a chur san áireamh sa taispeántas, déan teagmháil leis an Mhúsaem le do thoil.

museum@donegalcoco.ie www.donegalcoco.ie/culture/countymuseum

# IONAD CULTÚRTHA RÉIGIÚNACH




## Taispeántas Fíorúil 'Mo Shaol i nDún na nGall'

Is taispeántas atá sa tionscadal seo 'Mo Shaol i nDún na nGall', maoinithe ag Clár Peace IV agus curtha i láthair ag an Ionad Cúltúrtha Réigiúnach, a théann i ngleic leis an ghné shóisialta den saol atá ag seacht nduine is fiche a bhfuil cónaí orthu i gContae Dhún na nGall.

Tá léargas tugtha ar shaol agus ar scéalta na ndaoine seo in 2020. Rugadh cuid acu in Éirinn, is as tíortha eile tuismitheoirí cuid acu, tháinig cuid acu ar imirce anseo mar pháistí óga nó tháinig siad go hÉirinn mar dhaoine fásta.

Roghnaíodh gach duine acu mar go bhfuil siad ag cur go dearfach leis an saol i nDún na nGall ar go leor bealaí éagsúla; ó spóirt go ceol, ó bhia go healaín.

Dhéanfar an taispeántas a sheoladh ar an 25 Márta agus beidh sé ar fáil le cuairt a thabhairt air ag www.livingindonegal.com

## Lá Féile Pádraig ar líne

Tá lúcháir mhór ar fhoireann an Ionaid Chultúrtha Réigiúnaigh agus ar Chumann Tráchtála Bhaile Leitir Ceanainn ceiliúradh fíorúil Lá Fhéile Pádraig a chur i láthair agus fáilte a chur roimh lucht féachana ar fud an domhain a bheith páirteach sa cheiliúradh.

Sa cheiliúradh ar líne beidh a lán den tallann cheoil is fearr i nDún na nGall, damhsóirí Gaelacha, agus iar-chóisir bheo go dtí go mall san oíche. Tá lúcháir mhór orainn tacaíocht iontach a fháil ó Radio Highland, a chraolfaidh an cheolchoirm beo ar an aer ón 8.00 i.n.

Tá an t-ádh orainn i nDún na nGall go bhfuil neart ceoltóirí breátha againn agus i gceiliúradh na bliana seo beidh seónna beo den chéad scoth ó 'Goats Don't Shave', 'Tanya McCole', 'Brendan Quinn', 'Seamus McGuire' 'Steve Cooney', 'Martin Orr' agus 'Sailor Bill'.

info@regionalculturalcentre.com 074 9129186 regionalculturalcentre.com